Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8532/26**

**RESPR 24**
**FIN 580**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 158 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>ar fheidhmiú na socruithe cigireachta ar acmhainní dílse traidisiúnta (2022-2024) de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 158 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 158 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.4.2026
COM(2026) 158 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**ar fheidhmiú na socruithe cigireachta ar acmhainní dílse traidisiúnta (2022-2024) de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh**

## *ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN*

*Déanann an Coimisiún tuarascáil ar fheidhmiú na socruithe cigireachta ar acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 3 bliana. Sa tuarascáil seo, soláthraítear faisnéis mhionsonraithe maidir leis na gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh idir 2022 agus 2024.*

*Idir 2022 agus 2024, lean an Coimisiún dá chuid beart in aghaidh* ***teicstílí agus coisbheart ó Dhaon-Phoblacht na Síne arna dtearcluacháil go calaoiseach*** *a allmhairíodh chuig an Ríocht Aontaithe agus chuig na Ballstáit araon a chur chun feidhme. Thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú in aghaidh na Ríochta Aontaithe in 2018, agus rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfabhar an Choimisiúin in 2022 (C-213/19). De thairbhe an cháis chinniúnaigh sin, sa deireadh, chuir an Coimisiún beagnach EUR 3 bhilliún de ADT breise agus d'ús breise le buiséad an Aontais in 2023. Mar thoradh ar shoiléirithe dlíthiúla na Cúirte agus ar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin, chuir na Ballstáit feabhas mór ar a straitéisí rialaithe sa réimse seo. Tá an Coimisiún ag tabhairt cásanna tearcluachála atá ar feitheamh i gcrích anois i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, lena mbaineann méideanna críochnaitheacha na gcaillteanas ADT gaolmhar agus an úis a chinneadh.*

*Maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas an 1 Eanáir 2021, leanann an Coimisiún de bheith ag áirithiú go n-íoctar méideanna ADT gan íoc atá dlite ag an Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar.*

*Idir 2022 agus 2024, mhéadaigh an Coimisiún a bhearta ad hoc spriocdhírithe freisin chun buiséad an Aontais a chosaint trí chur le torthaí cigireachta, mar shampla, trí iniúchtaí doiciméad a dhéanamh ar allmhairí* ***painéal gréine agus griancheall*** *a dearbhaíodh sna Ballstáit uile gur de thionscnamh na Malaeisia agus na Téaváine iad. Mar thoradh air sin, faoin 31 Nollaig 2024, chuir na Ballstáit EUR 376,8 milliún de ADT breise a bhaineann leis na hearraí sin ar fáil do bhuiséad an Aontais.*

*Ina theannta sin, sna gníomhaíochtaí bliantúla pleanáilte cigireachta áiríodh topaicí amhail: (i)* ***bainistiú chuntas A agus chuntas B; (ii) ríomhthráchtáil; (iii) an nós imeachta úsáide deiridh;*** *agus* ***(iv) dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh***

*Ar deireadh, sa tuarascáil cumhdaítear gníomhaíochtaí tráthrialta eile a dhéantar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint: (i) na bearta leantacha lena dtugtar aghaidh ar réamhthorthaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa; (ii) an scrúdú a rinneadh ar theidlíochtaí do-aisghabhála a dhíscríobh na Ballstáit; (iii) an obair leantach i leith na méideanna a chuirtear ar fáil ar bhonn deonach; (iv) an chaoi a ndéileáiltear le hearráidí na mBallstát; (v) bainistíocht an bhunachair sonraí a bhaineann le calaois agus neamhrialtachtaí; agus (vi) an cúnamh a sholáthraítear do na tíortha is iarrthóirí.*

## 1. RÉAMHRÁ

Ó 2022 go 2024, cuireadh ar fáil acmhainní dílse traidisiúnta (ADT)[1] ar fiú níos mó ná **EUR 68 mbilliún** (glan) san iomlán iad do bhuiséad an Aontais, is é sin thart ar EUR 22,7 billiún ar an meán in aghaidh na bliana.

Tá cigireachtaí ADT bunaithe ar Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021[2].

Déanann an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar fheidhmiú na socruithe maidir le cigireachtaí ADT gach 3 bliana[3].

Sa tuarascáil seo, tugtar tuairisc ar fheidhmiú an chórais cigireachta le haghaidh ADT sa tréimhse ó 2022 go 2024, agus déantar anailís air[4]. Tugtar tuairisc inti freisin ar chigireachtaí ADT a rinne an Coimisiún le linn na tréimhse sin agus cumhdaítear léi gníomhaíochtaí eile a bhfuil sé de chuspóir acu leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, lena n-áirítear:

- cigireachtaí ar an láthair agus iniúchtaí doiciméad spriocdhírithe a rinne an Coimisiún sna Ballstáit agus an obair leantach a bhaineann leis na cigireachtaí sin;
- obair leantach ar réamhthorthaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;
- scrúdú a dhéanamh ar theidlíochtaí do-aisghabhála a dhíscríobh na Ballstáit;
- an chaoi a ndéileáiltear le hearráidí na mBallstát as a dtagann caillteanas ADT;
- bainistiú an bhunachair sonraí le haghaidh thuairisciú na mBallstát ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí a bhfuil tionchar acu ar ADT (OWNRES);
- cúnamh do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas (Caibidil 33);
- rannchuidithe maidir le leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Cur ar Fáil[5].

Is foireann bheag de 18 mball foirne a dhéanann na gníomhaíochtaí a liostaítear thuas, rud a áirithíonn go mbailítear ADT go tráthúil agus go gcuireann na Ballstáit na forálacha dlíthiúla i bhfeidhm i gceart. Soláthraíonn an fhoireann treoraíocht d'údaráis náisiúnta freisin: (i) le linn na gcuairteanna cigireachta; (ii) le linn chruinnithe leathbhliantúla an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse; nó (iii) ar bhonn *ad hoc*.

[1] Dleachtanna custaim ar tháirgí a allmhairítear ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, móide tobhaigh siúcra.

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014, IO L 165, 11.5.2021, lch. 1.

[3] De bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/768.

[4] Dírítear sa tuarascáil ar na seiceálacha a dhéanann institiúidí an Aontais (an Coimisiún agus an Chúirt Iniúchóirí). Ní chumhdaítear inti na seiceálacha a dhéanann na Ballstáit, ar seiceálacha iad a ndéantar a gcuid torthaí mionsonraithe a leagan amach sa tuarascáil bhliantúil a tharraingítear suas faoi Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

[5] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, acmhainní dílse bunaithe ar CBL agus acmhainní dílse bunaithe ar OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh (athmhúnlú), IO L 168, 7.6.2014, lch. 39. Tugtar 'an Rialachán maidir le Cur ar Fáil' ar an rialachán sin.

## 2. CIGIREACHTAÍ ADT: CREAT AGUS MODHEOLAÍOCHT

### 2.1. An creat rialála agus oibríochtúil le haghaidh ADT

Tarmligtear bailiú ADT chuig na Ballstáit faoi dhlí an Aontais. Ní mór dóibh na dleachtanna custaim – a bhunaigh agus a shuigh siad féin – a chur ar fáil[6] do bhuiséad an Aontais. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, lean na Ballstáit de ráta comhréidh 25 % a chur i bhfeidhm i leith na méideanna ADT uile a suíodh[7] mar chúiteamh ar chostais bhailithe, gan beann ar na costais a tabhaíodh iarbhír. Fágann sé sin nach bhfaigheann an Coimisiún ach 75 % de na dleachtanna custaim a bhailítear, agus coinníonn na Ballstáit 25 % mar chostais bhailithe. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin seiceálacha custaim a dhéanamh agus torthaí na seiceálacha sin a thuairisciú don Choimisiún.

Mar sin féin, coinníonn an Coimisiún cumhachtaí cigireachta suntasacha i leith ADT. Sa chomhthéacs sin, is uirlis thábhachtach iad cigireachtaí ar an láthair chun maoirsiú a dhéanamh ar chóras bailithe ADT, rud a chuireann ar a chumas don Choimisiúin roinnt cineálacha seiceálacha[8] a dhéanamh ar chuntais chustaim, nósanna imeachta custaim agus doiciméid chustaim na mBallstát.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún freisin freagra a thabhairt ar an dá rud seo a leanas: (i) na barúlacha a thug an Chúirt Iniúchóirí ina tuarascáil bhliantúil, (ii) tuarascálacha speisialta nó réamhthorthaí; agus (iii) na barúlacha agus na moltaí a rinne Parlaimint na hEorpa le linn an nós imeachta um urscaoileadh i leith cur chun feidhme an bhuiséid.

Tá trí phríomhchuspóir ag gníomhaíochtaí cigireachta an Choimisiúin, a leagtar amach sna trí phointe urchair thíos.

- Is é an chéad chuspóir cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun idir na Ballstáit, gan beann ar an áit san Aontas a n-imréitítear na hearraí trí chustaim chun saobhadh iomaíochta a chosc.

- Is é an dara cuspóir a áirithiú go suífear agus go n-aisghabhfar dleachtanna custaim go tráthúil. Ní mór don Choimisiún a bheith cinnte go bhfuil na Ballstáit ag comhlíonadh a bhfreagrachtaí maidir le ADT comhfhreagrach a bhailiú agus a chur ar fáil. Déanann an Coimisiún scrúdú ar na bearta a rinne na Ballstáit maidir le ADT a aisghabháil, lena n-áirítear fógra tráthúil a thabhairt faoin bhfiach custaim agus faoi na nósanna imeachta forfheidhmiúcháin is gá.

---

[6] Ciallaíonn an téarma 'cur ar fáil' go ndéanann na Ballstáit íocaíochtaí le buiséad an Aontais.

[7] I gcaitheamh na mblianta, athraíodh an céatadán sin ó 10 % le haghaidh méideanna a cuireadh ar fáil roimh an 28 Feabhra 2001, go 25 % le haghaidh méideanna a cuireadh ar fáil idir an 1 Márta 2001 agus an 28 Feabhra 2014, agus go 20 % le haghaidh méideanna a cuireadh ar fáil idir an 1 Márta 2014 agus an 28 Feabhra 2021. I gcás méideanna a chuirtear ar fáil tar éis an 1 Márta 2021 is é 25 % an céatadán atá le cur i bhfeidhm.

[8] **Seiceálacha ar nósanna imeachta:** seiceálacha ar fhorálacha na mBallstát a bhaineann le córas bailithe ADT. **Seiceálacha ar dhoiciméid:** anailís ar chuntais eatramhacha agus ar gach cineál doiciméad agus comhad cuntasaíochta ó na Ballstáit, lena n-áirítear tuarascálacha ó na Ballstáit ar theidlíochtaí do-aisghabhála. **Cigireachtaí ar an láthair, iniúchtaí doiciméad**: seiceálacha ar an gcomhréireacht le reachtaíocht an Aontais maidir le córais náisiúnta agus le bundoiciméid ó thaobh na cuntasaíochta agus an chustaim de araon. Déantar na cigireachtaí sin i gcomhpháirt leis na Ballstáit lena mbaineann.

– Is é an tríú cuspóir an t-údarás buiséadach (Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh) a chur ar an eolas agus, mar thoradh air sin, dearbhú a fháil maidir le comhlíonadh a dhualgas. Ar bhonn thorthaí na cigireachta, déanann an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht agus ar dhícheall na mBallstát maidir le dleachtanna custaim a shuí agus a bhailiú agus maidir le ADT comhfhreagrach a chur ar fáil. Iarrann an Coimisiún go ndéanfaí bearta chun aon easnamh a leigheas, ionas gur féidir leis, ar deireadh, tuarascáil a chur faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh.

Leis na cigireachtaí, cuidítear freisin le feidhmiú éifeachtach an Aontais Custaim, le cosaint tháirgeoirí an Aontais agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha an Aontais a áirithiú. Cuidítear leo freisin deireadh a chur le bealaí éalaithe a fhágann gur féidir le calaoiseoirí mí-úsáid a bhaint as an gcóras nó gan na dleachtanna is infheidhme a íoc.

Leis na torthaí cigireachta, soláthraítear ionchur tábhachtach le haghaidh bheartas ioncaim na hArd-Stiúrthóireachta um an mBuiséad maidir le creat rialála na n-acmhainní dílse atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Roinntear na torthaí sin le ranna eile an Choimisiúin freisin (mar shampla, an Ard-Stiúrthóireacht um Chánachas agus um an Aontas Custaim[9], an Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch[10], agus OLAF[11]) chun cuidiú leo aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh ar leibhéal an bheartais.

Tá feidhm ag an gCinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse[12] agus Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme, ón 1 Eanáir 2021. Ina theannta sin, is gá na seiceálacha ADT a dhéanann an Coimisiún agus na Ballstáit a oiriúnú go tráthrialta chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar éascú trádála agus ar bhearta simpliúcháin.

## 2.2. Cuspóirí agus modheolaíocht cigireachtaí ar an láthair agus cianchigireachtaí i leith ADT

Is é is príomhchuspóir do sheiceálacha ar ADT dearbhú a fháil go bhfuil na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sna Ballstáit ag comhlíonadh reachtaíocht ábhartha an Aontais agus go gcosnaítear leasanna airgeadais an Aontais go hiomchuí cibé áit a n-imréitítear na hearraí. Gach bliain, dírítear ar thopaicí sonracha custaim agus cuntasaíochta leis na cigireachtaí. Leis sin, cuidítear na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sna Ballstáit a chomhchuibhiú agus feabhas a chur orthu d'fhonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach comhsheasmhach.

Beartaítear cigireachtaí ar an láthair an Choimisiúin mar chuid de chlár cigireachta bliantúil, atá bunaithe ar anailís riosca agus ina bhfuil na topaicí a bheidh le seiceáil sna Ballstáit. Déantar na cigireachtaí sin i gcomhréir le nósanna imeachta caighdeánaithe agus baintear úsáid as uirlisí iniúchóireachta saincheaptha arna bhforbairt ag an Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad sna cigireachtaí chun inchomparáideacht thorthaí na gcigireachtaí a mhéadú.

---

[9] an Ard-Stiúrthóireacht um Chánachas agus um an Aontas Custaim
[10] an Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch
[11] An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise
[12] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1

Cinntear na topaicí cigireachta bunaithe ar mholtaí ó na Ballstáit nó ó ranna an Choimisiúin (e.g. an Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad, an Ard-Stiúrthóireacht um Chánachas agus um an Aontas Custaim, OLAF). Leanann ranna an Choimisiúin de bheith ag comhoibriú le chéile ag céim fhorbairt na n-uirlisí iniúchóireachta agus trí shocrú trína dtéann ranna eile an Choimisiúin in éineacht leis an Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad le linn na gcuairteanna cigireachta. Thairis sin, téitear i gcomhairle go córasach leis an Ard-Stiúrthóireacht um Chánachas agus um an Aontas Custaim, le OLAF agus leis an tSeirbhís Dlí agus soláthraíonn siad barúlacha sula gcuirtear na tuarascálacha cigireachta faoi bhráid an Choiste Chomhairligh um ADT. Leis an gcur chuige sin, áirithítear comhsheasmhacht thar ranna an Choimisiúin agus cóir chomhionann na mBallstát uile.

Ó bhí 2020 ann, rinne an Coimisiún cigireachtaí *ad hoc* breise agus iniúchtaí doiciméad breise, de réir mar is gá, i réimsí inar sainaithníodh rioscaí sonracha. Déantar na hiniúchtaí doiciméad spriocdhírithe sin go cianda den chuid is mó (e.g. painéil ghréine, straitéis rialaithe um earraí a bhaineann le COVID-19 atá faoi réir faoiseamh ó dhleacht).

## 3. CIGIREACHTAÍ ADT A RINNE AN COIMISIÚN SA TRÉIMHSE 2022-2024

Sa tréimhse 2022-2024, rinne an Coimisiún **56 chigireacht ADT** faoi Airteagal 2 de Rialachán (AE, Euratom) 2021/768, as ar eascair 161 thoradh. Tugtar forbhreathnú i dTábla 1 ar na gníomhaíochtaí cigireachta in aghaidh an Bhallstáit le linn na tréimhse sin.

As na 161 toradh a fuarthas, bhí tionchar airgeadais díreach ag 103 toradh (64 %) ar a laghad (i.e. bhí ar na Ballstáit ADT breise a chur ar fáil) agus bhí tionchar rialála ag 21 (13 %) toradh.

Leis na cigireachtaí, díríodh ar chúrsaí cuntasaíochta agus custaim.

**Tábla 1. Forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí cigireachta 2022-2024**

| BALLSTÁT | Cuntais A&B | | | Dleachtanna frithdhumpála/dleachtanna frithchúitimh[13] | | Ríomhthráchtáil | Úsáid deiridh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | 2023 | 2024 | 2022 | 2024 | 2022 | 2023 |
| AT | | | | | x | | x |
| BE | | | x | x | | x | x |
| BG | | | x | x | | | x |
| HR | | | | | x | | |
| CY | | | | | x | | |
| CZ | | | | x | | | x |
| DK | | | | | x | | |
| EE | | | | | | | x |
| FI | | | | | x | | x |
| FR | | | x | | | | x |

[13] Straitéis rialaithe le haghaidh dleachtanna frithdhumpála agus dleachtanna frithchúitimh

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **DE** | | | x | | | x | x |
| **EL** | x | | x | | | | x |
| **HU** | | | | | x | x | x |
| **IE** | | | x | x | | | x |
| **IT** | | | x | | | x | |
| **LV** | | | | | x | | |
| **LT** | | | | | x | | |
| **LU** | | | | | | | x |
| **MT** | | | | x | | | x |
| **NL** | | x | x | | | x | x |
| **PL** | | | x | | | | |
| **PT** | | | | x | | | x |
| **RO** | | | x | x | | | |
| **SK** | | | | x | | | |
| **SI** | | | | | | | x |
| **ES** | | | x | | | x | |
| **SE** | | | x | x | | | x |
| **UK** | | x | x | | | | |
| **Iomlán** | **1** | **2** | **13** | **9** | **8** | **6** | **17** |

### 3.1. Cúrsaí cuntasaíochta

Le linn 2022-2024, rinneadh seiceálacha ar **bheachtas chuntais A agus B**[14] **agus ar bheachtas na ráiteas lena mbaineann** sna Ballstáit uile agus sa Ríocht Aontaithe. Thángthas ar an gconclúid gur comhlíonadh reachtaíocht an Aontais leis na nósanna imeachta chun na ráitis sin a tharraingt suas agus go n-áirithíodh cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Baineann na torthaí a chuir an Coimisiún in iúl tar éis na gcigireachtaí sin leis an méid seo a leanas, i measc nithe eile: (i) suí déanach na bhfiach custaim agus fógra a thabhairt fúthu; (ii) mainneachtain na méideanna a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais nó mainneachtain é sin a dhéanamh go tráthúil; (iii) easnaimh i bhforfheidhmiú fiach custaim; (iv) iontrálacha míchearta sa dá chuntas/aistarraingtí ón dá chuntas; (v) easnaimh sna nósanna imeachta díscríofa; (vi) neamhréireachtaí idir an dá chuntas; agus (vii) aistrithe déanacha ó chuntas B.

Rinneadh cigireacht **ar bhainistiú chuntas A agus chuntas B** sna Ballstáit uile mar thopaic chigireachta eile sa bhreis ar phríomhthopaic an chustaim. Leis na cigireachtaí a rinneadh le linn na tréimhse 2022-2024, dearbhaíodh go raibh formhór na n-earráidí i gcuntas A agus i gcuntas B ina n-earráidí aonuaire, agus gurbh earráidí eisceachtúla iad na hearráidí córasacha.

[14] Iontrálann Ballstáit ADT i gceann amháin de dhá chuntas:
- an **gnáthchuntas** (A) le haghaidh méideanna suite a aisghabháladh nó a ráthaíodh (íoctar na méideanna sin isteach i mbuiséad an Aontais);
- an **cuntas ar leithligh** (B) le haghaidh méideanna suite nár aisghabháladh, nó méideanna ráthaithe ar cuireadh ina n-aghaidh. ADT a chomhfhreagraíonn do dhleachtanna custaim **do-aisghabhála**, tá sé le tarraingt ón gcuntas ar leithligh tar éis tréimhse shonraithe ama. Ní mór méideanna ADT den sórt sin a chur ar fáil (a íoc) don Choimisiún go comhuaineach ach amháin mura féidir iad a aisghabháil ar chúiseanna nach féidir a chur i leith an Bhallstáit (féach pointe 5.1 thíos freisin).

Ghlac na Ballstáit lena mbaineann leis na hiarmhairtí airgeadais a d'eascair as na torthaí a rinne an Coimisiún.

Tháinig feabhas ar an staid fhoriomlán idir 2022 agus 2024 i gcomparáid leis an tréimhse thuairisciúcháin roimhe sin mar gheall ar an mbreithniú a tugadh le cigireachtaí an Choimisiúin ar na topaicí sin agus mar gheall ar fheabhsuithe breise ar na córais leictreonacha chuntasaíochta a úsáideann na Ballstáit, lena laghdaítear an riosca d'earráidí a eascraíonn as údaráis náisiúnta ag ceartú na sonraí de láimh. Mar sin féin, ní mór do na Ballstáit leanúint de dícheall a dhéanamh chun bainistiú dícheallach chuntais A agus B a áirithiú agus chun an fhaisnéis uile is gá a sholáthar, ionas go mbeidh na ráitis iomlán, soiléir agus trédhearcach.

In 2022, seiceáladh cuntas B trí bhíthin **iniúchtaí doiciméad tiomnaithe** i ngach Ballstát. Le linn na n-iniúchtaí sin, dhírigh an Coimisiún ar chásanna de chuntais B oscailte, rud a thacaigh leis na Ballstáit agus iad ag déanamh glanadh spriocdhírithe ar a gcuntais B.

Thairis sin, in 2022-2024 ghlac na Ballstáit bearta breise, i measc nithe eile, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) meastóireacht a dhéanamh ar a bhfreagracht airgeadais féin; (ii) na méideanna a chur ar fáil ar bhonn deonach, i gcás inarb iomchuí; agus (iii) iad a chur in iúl don Choimisiún trí úsáid a bhaint as an Iarscríbhinn a ghabhann le cuntas A.

Mar fhocal scoir, cé gur sainaithníodh roinnt easnamh i gcigireachtaí an Choimisiúin, tháinig feabhas ar fheidhmiú ginearálta chórais chuntais A agus B mar thoradh ar obair chigireacht ADT an Choimisiúin, rud a d'fhág gur tugadh cosaint níos fearr do leas airgeadais an Aontais.

### 3.2. Cúrsaí custaim 2022-2024

Athraíonn na topaicí custaim a roghnaítear le haghaidh cigireachtaí ó bhliain go bliain, agus breithniú ar leith á tabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an riosca is airde do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh.

Le linn na tréimhse 3 bliana a bhí faoi ghrinnscrúdú, díríodh ar na topaicí seo a leanas sna cigireachtaí:

- an straitéis rialaithe um dhleachtanna frithdhumpála agus um dhleachtanna frithchúitimh (2022 agus 2024);
- an straitéis rialaithe um ríomhthráchtáil agus um choinsíneachtaí ar luach íseal (2022);
- an straitéis rialaithe um úsáid deiridh (2023).

In 2022 agus 2024, rinneadh cigireacht ar **an straitéis rialaithe um dhleachtanna frithdhumpála agus um dhleachtanna frithchúitimh** in 17 mBallstát[15]. Mheas an Coimisiún go raibh na córais rialaithe sásúil go páirteach nó sásúil go ginearálta. Bhain na príomheasnaimh leis an méid seo a leanas: (i) gan próifílí riosca a chur chun feidhme nó iad a chur chun feidhme go déanach; (ii) seiceálacha neamh-chomhsheasmhacha; (iii) dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shuí go déanach agus dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a chur ar fáil go déanach (lena n-áirítear á chur san áireamh go n-aistreoidh dleachtanna

[15] Rinneadh cigireacht ar an straitéis rialaithe um dhleachtanna frithdhumpála agus um dhleachtanna frithchúitimh in 8 mBallstát in 2021.

frithdhumpála sealadacha agus dleachtanna frithchúitimh sealadacha go dleachtanna cinntitheacha); (iv) gan dleachtanna frithdhumphála/dleachtanna frithchúitimh a shuí nó iad a shuí go déanach tar éis faisnéis a fháil ó OLAF; agus (v) rátaí dleachtanna frithdhumphála/rátaí dleachtanna frithchúitimh míchearta a chur i bhfeidhm.

In 2022, rinne an Coimisiún cigireacht **ar an straitéis rialaithe um ríomhthráchtáil agus coinsíneachtaí ar luach íseal** i 6 Bhallstát. Measadh go raibh na córais rialaithe sásúil go páirteach nó sásúil go ginearálta. Bhain na príomheasnaimh leis an straitéis bainistithe riosca agus rialaithe um ríomhthráchtáil agus coinsíneachtaí ar luach íseal.

In 2023, rinne an Coimisiún cigireacht **ar an straitéis rialaithe um an nós imeachta úsáide deiridh** in 17 mBallstát. Measadh go raibh na córais rialaithe sásúil go páirteach nó sásúil go ginearálta. Áiríodh an méid seo a leanas ar na heasnaimh a sainaithníodh: (i) treoracha náisiúnta a bheith as dáta; (ii) faireachán neamhleor ar údaruithe; (iii) eilimintí in easnamh sna húdaruithe; (iv) údaruithe á ndeonú le haghaidh tréimhsí fada; (v) mainneachtain na billí urscaoilte a chur in iúl nó mainneachtain é sin a dhéanamh go tráthúil; (vi) seiceálacha neamhleora ar dhearbhuithe; (vii) ionadaithe indíreacha ag taisceadh dearbhuithe; agus (viii) córais dearbhaithe nach seiceálann an gcomhfhreagraíonn na cóid TARIC a dhearbhaítear do na cóid TARIC a áirítear san údarú.

In 2022, rinne an Coimisiún 6 iniúchadh doiciméad ar an **straitéis rialaithe um earraí a bhaineann le COVID-19 agus atá faoi réir faoiseamh ó dhleacht**. An 14 Meitheamh 2022, d'iarr an Coimisiún go soláthróidh na Ballstáit lena mbaineann na sonraí. Sainaithníodh roinnt mionchásanna de dhliteanas airgeadais, agus ghlac na Ballstáit lena mbaineann leis na hiarmhairtí airgeadais i gcás inarb infheidhme.

### 3.3. Allmhairí tearcluacháilte teicstílí agus coisbhirt

An 8 Márta 2022, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfabhar an Choimisiúin sa chás um shárú a tionscnaíodh in aghaidh na Ríochta Aontaithe maidir le teicstílí agus coisbheart tearcluacháilte (C-213/19). Leis an gcás cinniúnach sin, réitíodh an bealach d'íocaíochtaí breise ón Ríocht Aontaithe le buiséad an Aontais arbh fhiú iad agus beagnach EUR 3 bhilliún i ADT agus ús. Soiléiríodh leis freisin, ar bhonn níos ginearálta, freagrachtaí na mBallstát maidir leis an gcineál sin calaoise a chomhrac go héifeachtach, agus tacaíodh leis na bearta a mhol an Coimisiún ó bhí 2011 ann.

Mar thoradh ar shoiléirithe dlíthiúla na Cúirte agus ar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin, chuir na Ballstáit feabhas mór ar a straitéisí rialaithe sa réimse seo. Rinne roinnt Ballstát athbhreithniú ar a struchtúr eagrúcháin maidir le bainistiú riosca custaim, lenar cruthaíodh foirne nua agus ar fostaíodh foireann thiomnaithe rialaithe custaim.

Maidir leis an bhfreagracht airgeadais i gcomhthéacs na calaoise tearcluachála sonraí sin, thug an Coimisiún agus roinnt Ballstát na cásanna sin i gcrích go comhpháirteach agus na méideanna deiridh a bhí dlite íoctha. I gcás na mBallstát eile, tabharfar an próiseas sin chun na méideanna atá le híoc a chinneadh i gcrích go luath.

### 3.4. Painéil ghréine

In 2018 agus 2019, rinne an Coimisiún cigireachtaí ADT i 10 mBallstát chun measúnú a dhéanamh ar a straitéisí rialaithe i leith allmhairí grianmhodúl agus príomh-chomhpháirteanna a dhearbhaítear gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na Malaeisia agus na Téaváine iad agus atá faoi réir bearta cosanta trádála (dleachtanna frithdhumpála agus dleachtanna frithchúitimh).

Mar gheall ar easnamh athfhillteach a sainaithníodh i dtrí cinn de na cigireachtaí spriocdhírithe sin (easnamh a bhain leis an míléiriú ar an téarma *coinsínítear ó* faoi Rialachán Chur Chun Feidhme (AE) 2016/184 agus Rialachán Chur Chun Feidhme (AE) 2016/185 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2016), leathnaigh an Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad raon feidhme a seiceálacha chuig na Ballstáit uile a d'allmhairigh na hearraí céanna sa tréimhse ón 30 Bealtaine 2015 go dtí an 3 Meán Fómhair 2018[16]. Trí bhíthin litir dar dáta an 1 Meitheamh 2021, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad 21 Bhallstát[17] ar an eolas faoi chaillteanais ADT a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca an mhíléirithe sin maidir le hallmhairí grianphainéal agus griancheall a dearbhaíodh gur de thionscnamh na Malaeisia agus na Téaváine iad.

Faoin 31 Nollaig 2024, i gcás 12 Bhallstát, measadh go raibh an obair leantach ar an easnamh sin dúnta toisc nár cailleadh aon ADT nó toisc gur íocadh an phríomhshuim móide ús le buiséad an Aontais, dar luach EUR 376,8 milliún san iomlán. Tá an obair leantach ar an imscrúdú ar an easnamh sin fós ar siúl i gcás 12 Bhallstát agus na Ríochta Aontaithe.

Ar deireadh, rinne an Coimisiún tuilleadh soiléirithe ar bhrí agus ar raon feidhme an téarma *arna chur chun bealaigh*, mar a léirmhínigh an Chúirt Bhreithiúnais é. Bhí an Coimisiún in ann é sin a dhéanamh a bhuí leis na nithe seo a leanas: (i) a ghníomhaíochtaí cigireachta; (ii) teagmhail leis na Ballstáit; agus (iii) roinnt cur i láthair do na Ballstáit. Chuidigh sé sin le cothrom iomaíochta a bhaint amach do na Ballstáit agus le borradh a chur faoin leibhéal cosanta do chuideachtaí atá bunaithe san Aontas in aghaidh allmhairí mídhearbhaithe a sheachnaíonn bearta cosanta trádála an Choimisiúin.

## 4. OBAIR LEANTACH AR CHIGIREACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN

### 4.1. Gnéithe rialála

Iarrtar ar na Ballstáit bearta a dhéanamh aon uair a bhraitear lochtanna nó bealaí éalaithe i rialacháin náisiúnta nó i bhforálacha riaracháin le linn na gcigireachtaí, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) na rialacháin agus na forálacha sin a thabhairt i gcomhréir le ceanglais an Aontais; agus (ii) suí agus bailiú ADT a chomhchuibhiú i ngach ceann de na 27 mBallstát. Is éacht mór de chuid chigireachtaí an Choimisiúin é an t-ailíniú rialála sin. Is príomhtháscaire iad na torthaí freisin de dheacrachtaí a bhíonn ag na Ballstáit agus rialacháin chustaim agus rialacháin acmhainní dílse á gcur i bhfeidhm acu, agus leis na torthaí, cuirtear bonn eolais faoi

[16] Bailíocht beart cosanta trádála.

[17] Lena n-áirítear seacht mBallstát a bhí faoi réir seiceálacha sonracha roimhe sin. Bhí trí Bhallstát faoi réir cigireacht spriocdhírithe ADT ar an ábhar sin cheana féin, agus ní raibh allmhairí grianmhodúl agus griancheall den sórt sin ag ceithre Bhallstát le linn na tréimhse faoi ghrinnscrúdú.

iarracht leanúnach an Choimisiúin chun feabhas a chur ar an gcreat rialála. Mar shampla, cuireadh aiseolas ó thorthaí cigireachta san áireamh i Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 (féach pointe 5.4 thíos).

### 4.2. Toradh na ndíospóidí

Ní bhíonn léirmhíniú na bhforálacha dlí agus na nósanna imeachta i roinnt Ballstát i gcomhréir le ceanglais an Choimisiúin i gcónaí. I gcás nach féidir díospóid a réiteach, cuireann an Coimisiún tús le nós imeachta um shárú[18].

Sa tréimhse 2022-2024, chuir an Coimisiún tús le trí nós imeachta um shárú agus chuir sé clabhsúr ar seacht nós imeachta um shárú tar éis do na Ballstáit lena mbaineann comhlíontacht a áirithiú. Chuir sé clabhsúr ar an nós imeachta um shárú in aghaidh na Ríochta Aontaithe (C-213/19) tar éis bhreithiúnas 2022 Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus tar éis don Ríocht Aontaithe na méideanna uile a bhí dlite a íoc in 2023. Ní raibh ach ceithre chás um shárú fós ar siúl i mí na Nollag 2024 (agus cuireadh clabhsúr ar dhá cheann díobh in 2025).

Socraíodh an chéad chás a bhaineann le saibhriú éagórach, i.e. cás C-494/22 P a thionscain an tSeicia, i bhfabhar an Choimisiúin in 2024. Ina rialú, tharraing CBAE aird ar fhreagracht uathrialach na mBallstát maidir le ADT agus maidir lena n-oibleagáid gníomhú go réamhghníomhach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go hiomlán.

### 4.3. Gnéithe airgeadais

Tar éis a ngníomhaíochtaí rialaithe, measann an Coimisiún gur cuireadh clabhsúr ar na cásanna ón tréimhse 2022-2024, agus cinneadh agus íocadh méideanna críochnaitheacha na dteidlíochtaí breise dar luach níos mó ná **EUR 4 bhilliún**[19] (in ADT agus in ús gaolmhar). Íocadh na méideanna sin leis an gCoimisiún go príomha i ndáil le tearcluacháil táirgí teicstíle, coisbhirt agus grianphainéal. Baineann siad leis na torthaí a leagtar amach sna tuarascálacha cigireachta, le gníomhaíochtaí cigireachta eile, le tuarascálacha críochnaitheacha OLAF, agus leis an obair leantach ar thorthaí na Cúirte Iniúchóirí.

## 5. BEARTA CHUN FEABHAS A CHUR AR AISGHABHÁIL ADT

Seachas iniúchtaí an Choimisiúin ar an láthair sna Ballstáit, tá roinnt bealaí eile aige chun faireachán a dhéanamh ar aisghabháil ADT.

### 5.1. Scrúdú a dhéanamh ar theidlíochtaí do-aisghabhála a díscríobhadh

Ní mór do na Ballstáit gach beart a dhéanamh chun ADT a chur ar fáil, seachas i gcás ina bhfuil sé dodhéanta aisghabháil a dhéanamh de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE, Euratom) 609/2014:

- ar chúiseanna *force majeure*;

[18] De bhun Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
[19] Áirítear san uimhir sin na méideanna a luaitear i ranna 3.3, 3.4 agus 5.2 den tuarascáil seo.

- ar chúiseanna eile nach bhfuil inchurtha ina leith; nó
- mar gheall ar an iontráil sna cuntais a chur siar nó ar fhógra a thabhairt faoin bhfiach custaim ionas nach ndéantar dochar d'imscrúdú coiriúil lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ní mór do na Ballstáit méideanna do-aisghabhála ADT os cionn EUR 100 000 (tuarascálacha díscríofa) a mheasann siad nach bhfuil siad freagrach astu a thuairisciú don Choimisiún. Ina dhiaidh sin, tugann an Coimisiún barúlacha maidir le gach tuarascáil. Is é is cuspóir do scrúdú an Choimisiúin ar na tuarascálacha díscríofa measúnú a dhéanamh ar an méid díchill a léirigh na Ballstáit agus a bhfreagracht uathrialach á comhlíonadh acu chun na dleachtanna custaim a bhaineann le ADT a shuí agus iad a aisghabháil ó na hoibreoirí eacnamaíocha.

I gcás méideanna atá faoi bhun na tairsí tuairiscithe, déanann an Coimisiún measúnú rialta ar shamplaí de chásanna le linn a chigireachtaí ar an láthair.

Chun tacú le Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar an bhfreagracht airgeadais a d'fhéadfadh a bheith orthu maidir le méideanna do-aisghabhála ADT, d'eisigh an Coimisiún doiciméad oibre – an *Choimre*, ina leagtar amach na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thuarascálacha díscríofa. Cuireadh an Choimre chuig na Ballstáit uile den chéad uair le linn chruinniú an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse an 6 Nollaig 2012. An leagan athbhreithnithe is déanaí an 22 Samhain 2024 ina léirítear athruithe ar reachtaíocht an Aontais agus an cásdlí ábhartha ar ADT, cuireadh é chuig na Ballstáit uile ina dteangacha oifigiúla ag cruinniú ADR an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse i mí na Nollag 2024. Sa leagan nua sin tá na léirmhínithe ábhartha uile ar dhlí ábhartha an Aontais i gcomhréir le dlí-eolaíocht CBAE le déanaí agus leis na leasuithe a tugadh isteach leis an Rialachán maidir le Cur ar Fáil, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2022/615.

Maidir le gach cás ábhartha díscríofa os cionn na tairsí sonraithe, ní mór do na Ballstáit tuarascáil struchtúrtha a tharraingt suas agus í a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún trí úsáid a bhaint as bunachar sonraí ilteangach ar a dtugtar WOMIS (Córas Bainistíochta agus Faisnéise maidir le Díscríobh). Le bunachar sonraí WOMIS, a nuashonraítear go tráthrialta, cumasaítear bainistiú éifeachtúil slán ar thuarascálacha na mBallstát.

Déanann ranna inniúla an Choimisiúin (an Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad, an Ard-Stiúrthóireacht um Chánachas agus um an Aontas Custaim, OLAF agus an tSeirbhís Dlí) measúnú ar an tuarascáil díscríofa agus tugann siad barúlacha don Bhallstát. Baineann na barúlacha sin leis an mbonn cirt is féidir leis an mBallstát a sholáthar gan ADT a chomhfhreagraíonn do na dleachtanna custaim do-aisghabhála a chur ar fáil don Choimisiún.

I gcaitheamh na tréimhse 2022-2024, cuireadh 88 dtuarascáil nua díscríofa san iomlán chuig an gCoimisiún (i bhfoirm tuarascálacha tosaigh) lenar bhain méid iomlán EUR 215,5 milliún. Sa tréimhse 3 bliana chéanna, rinne an Coimisiún measúnú ar 422 thuarascáil díscríofa san iomlán (lena n-áirítear tuarascálacha nua). I gcás 227 de na 422 thuarascáil sin (a mbaineann EUR 399,7 milliún leo), mheas an Coimisiún go raibh na méideanna ADT do-aisghabhála ar chúiseanna a bhí inchurtha i leith an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás 42 thuarascáil (a

bhaineann EUR 50,6 milliún leo), d'aontaigh an Coimisiún nach bhféadfaí caillteanas ADT a chur i leith an Bhallstáit. Maidir le 148 dtuarascáil (a mbaineann EUR 178,9 milliún leo), d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise chun a mheasúnú a chur i gcrích. Mheas an Coimisiún gur tuairiscíodh na cúig thuarascáil eile (a mbaineann EUR 1,7 milliún leo) go mícheart mar dhíscríobh.

### 5.2. Láimhseáil earráidí i suí fiach custaim as a dtagann caillteanas ADT

Déanann an Coimisiún obair leantach ar na hearráidí riaracháin arna sainaithint a dhéanann na Ballstáit chun dochair do leasanna airgeadais an Aontais (lena n-áirítear: (i) cásanna a shainaithnítear le linn cigireachtaí ar an láthair, (ii) cinntí náisiúnta maidir le haisíocaíocht nó loghadh mar gheall ar earráidí riaracháin, (iii) méideanna do-aisghabhála díscríofa faoi bhun EUR 100 000 a ndiúltaítear dóibh). I bprionsabal, eisíonn an Coimisiún orduithe aisghabhála chun na hearráidí a bhraitear sna Ballstáit a íocann na méideanna atá dlite a cheartú. Sa tréimhse 2022-2024, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí rialaithe ADT, bailíodh EUR 260 milliún i leith orduithe aisghabhála le haghaidh ADT, agus EUR 209 milliún in ús déanach, sa bhreis ar mhéideanna a bailíodh le haghaidh teicstílí agus coisbheart tearcluacháilte (pointe 3.3) agus painéil ghréine thearcluacháilte (pointe 3.4).

### 5.3. Bunachar sonraí OWNRES

De bhun Airteagal 5(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/768[20], ní mór do na Ballstáit faisnéis a sheoladh chuig an gCoimisiún maidir le cásanna calaoise agus neamhrialtachtaí a bhaineann le teidlíochtaí de mhéideanna níos mó ná EUR 10 000. Tuairiscítear an fhaisnéis sin trí bhunachar sonraí OWNRES, atá á bhainistiú agus á chothabháil ag an gCoimisiún.

Soláthraíonn OWNRES an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar aisghabháil na gcistí agus chun a chigireachtaí ar an láthair agus a athbhreithnithe iniúchtaí doiciméad a ullmhú. Úsáideann OLAF é freisin chun anailís éagsúil a dhéanamh agus chun faireachán a dhéanamh ar an obair leantach ar na moltaí airgeadais a eascraíonn as imscrúduithe OLAF féin. Déantar measúnú mionsonraithe ar na sonraí a thuairiscítear in OWNRES sna tuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – An comhrac in aghaidh na calaoise agus sa tuarascáil bhliantúil maidir le Feidhmíocht an Aontais Chustaim.

Faoi dheireadh 2024, bhí 137 871[21] chás de chalaois nó de neamhrialtacht (idir 'oscailte' nó 'dúnta') i mbunachar sonraí OWNRES i gcomparáid le 122 199 gcás ag tús 2022. Is méadú de thart ar 13,8 % é sin, nó 16 672 chás nua, a tuairiscíodh i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana 2022-2024.

Mar chuid de chruinnithe an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse a tionóladh faoi dhó sa bhliain le linn na tréimhse 2022-2024, chuir an Coimisiún bearta i láthair chun

[20] Aisghaireadh Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 ón gComhairle le Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 31 Nollaig 2020

[21] Áirítear san fhigiúr sin cásanna a thuairiscigh an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 136(2)(c) agus (f) den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

feabhas a chur ar shlándáil an fheidhmchláir OWNRES, rud a d'ullmhaigh na Ballstáit le haghaidh fíorú dhá chéim a chur chun feidhme. Thairis sin, in 2022 agus 2023, chuir an Coimisiún tuilleadh feabhais ar OWNRES tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) réimsí nua a chur leis; (ii) meabhrúcháin a shocrú chun an fhaisnéis sna tuarascálacha atá ann cheana a choinneáil cothrom le dáta; (iii) feabhas a chur ar cháilíocht agus leibhéal mionsonraithe an tuairiscithe; agus (iv) torthaí na bhfiosrúchán a dhéanann na páirtithe leasmhara uile ar an mbunachar sonraí a bheachtú. In 2023 agus 2024, chuir an Coimisiún treoraíocht bhreise ar fáil maidir le feabhas a chur ar cháilíocht an tuairiscithe.

## 5.4. Leasú ar an Rialachán maidir le Cur ar Fáil

Is é Rialachán (EU, Euratom) 609/2014 (an Rialachán maidir le Cur ar Fáil) bunchloch an chreata dhlíthiúil chun acmhainní dílse a bhainistiú, lena n-áirithítear go n-íocann na Ballstáit na méideanna atá dlite do bhuiséad an Aontais go tráthúil.

Chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat sin, mhol an Coimisiún leasú cuimsitheach ar an Rialachán sin in 2021. Sa togra, cuireadh an t-aiseolas ón obair chigireachta ADT san áireamh agus tugadh aghaidh ar imní na mBallstát maidir le nósanna imeachta agus, an tráth céanna, cosnaíodh cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus áirithíodh creat ioncaim cóir cothrom.

Tar éis malartuithe forleathana leis na Ballstáit, tháinig Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 lena leasaítear an Rialachán maidir le Cur ar Fáil i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2022. Áiríodh an méid seo a leanas ar na leasuithe: (i) an chaidhpeáil ar ús ar riaráistí a leathnú; agus (ii) 'tréimhse chairde' a thabhairt isteach, ar dá réir a chuirtear stop le carnadh úis ar riaráistí ar feadh 5 bliana i gcás ina bhfuil an méid atá dlite suite, ina n-iontráiltear é go tráthúil sa chuntas ar leithligh agus ina gcoinnítear i gceart é sa chuntas ar leithligh (Airteagal 12(1)). Thairis sin, scaoiltear na Ballstáit anois ón oibleagáid na méideanna a chur ar fáil i gcás nach raibh aon tionchar ag iontráil dhéanach sa chuntas ar leithligh ar dho-aisghabhálacht an mhéid (Airteagal 13(2)). Thairis sin, leis an leasú, cuireadh ar bhonn foirmiúil an nós imeachta maidir le híocaíochtaí a dhéanamh faoi fhorchoimeádas (Airteagal 13a) agus an nós imeachta athbhreithniúcháin (Airteagal 13b).

## 5.5 Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

Le linn na tréimhse tuairiscithe, chomhoibrigh an Coimisiún agus OIPE go dlúth i sraith malartuithe teicniúla chun soiléirithe a sholáthar do na Ballstáit maidir leis an dá rud seo a leanas: (i) fógra faoi fhiacha custaim a chur siar ionas nach ndéanfar dochar d'imscrúduithe coiriúla arna ndéanamh ag OIPE; agus (ii) an fhreagracht airgeadais as neamh-aisghabháil. Cuireadh na soiléirithe sin in iúl do na Ballstáit le linn chruinniú an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse i mí na Nollag 2024. Thairis sin, d'fhonn na Ballstáit a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí i leith OIPE, d'iarr an Coimisiún ar OIPE páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse i mí na Nollag 2023 (nuair a chuir OIPE a chúraimí i láthair do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse) agus i mí Iúil 2024.

## 6. CONCLÚID

Léirítear sna torthaí don tréimhse 2022 go 2024 go bhfuil cigireachtaí an Choimisiúin ar ADT – agus na bearta leantacha córasacha lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh a sainaithníodh – fós riachtanach agus ina modhanna éifeachtúla chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) aisghabháil ADT a áirithiú; (ii) feabhas a chur ar an gcreat rialála le haghaidh acmhainní dílse; agus (iii) athdhearbhú a thabhairt go dtugtar cosaint leordhóthanach do leasanna airgeadais an Aontais. Deimhníodh an tionchar dearfach ginearálta sin freisin leis an nós imeachta bliantúil um urscaoileadh, agus níor eisíodh aon mholadh nua don Choimisiún maidir le saincheisteanna a bhaineann le ADT le linn 2022-2024.

Is príomhuirlis iad na cigireachtaí fós chun comhlíontacht le rialacha ábhartha an Aontais a mhéadú. Tá tionchar mór airgeadais acu, mar a léirítear leis an nglanmhéid chríochnaitheach (lena n-áirítear forchoimeádais a tarraingíodh siar) de **níos mó ná EUR 4 bhilliún a cuireadh ar fáil do bhuiséad an Aontais le linn 2022-2024**. Is dreasacht mhór iad na cigireachtaí do na Ballstáit méideanna iomlána ADT a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais go tráthúil. Ina theannta sin, leis na cigireachtaí, cuidítear lena áirithiú go gcuirtear na rialacha custaim agus cuntasaíochta i bhfeidhm i gceart agus, dá bhrí sin, cosnaítear leasanna airgeadais an Aontais a thuilleadh trí shásra cumhachtach a chur ar fáil chun saobhadh díobhálach ar an iomaíocht laistigh den mhargadh aonair a chomhrac agus chun gníomhú ina n-aghaidh.

Is dúshláin nua don todhchaí iad na treochtaí atá ann faoi láthair sa trádáil idirnáisiúnta, go háirithe an ríomhthráchtáil. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, beidh gá le huirlisí iomchuí nua agus le comhar níos dlúithe fós idir an Coimisiún agus na Ballstáit, chun seiceálacha custaim rioscabhunaithe a chomhordú agus chun bailiú éifeachtach dleachtanna custaim a áirithiú.

Chuige sin, i mí na Bealtaine 2023 mhol an Coimisiún athchóiriú uaillmhianach ar an Aontas Custaim arb é is cuspóir dó na sásraí atá i bhfeidhm faoi láthair a neartú agus a nuachóiriú.